SONRÚCHÁN POIST
Léachtóir(í) Páirtaimseartha sa Ghnó le Fiontar & Scoil na Gaeilge

Tá léachtóir(í) páirtaimseartha á lorg ag Fiontar & Scoil na Gaeilge le modúil ghnó a theagasc i rith na bliana acadúla 2021-2022. Is é feidhm an róil ná modúil sa Ghnó agus sa Bhainistíocht a theagasc le mic léinn ar an gclár BA Gnó agus Gaeilge. Fáilteofar roimh iarrthóirí i réimse an ghnó go ginearálta, ach san Eacnamaíocht, Airgeadas, agus Bainistíocht, go háirithe. Is trí mheán na Gaeilge a dhéantar na modúil a mhúineadh agus is trí mheán na Gaeilge a dhéanann na mic léinn na measúnachtaí agus na scrúduithe a bhaineann leo.

Réimsí Teagaisc:
Bainistíocht; Airgeadas; Eacnamaíocht; Iompar eagraíochtaí; Acmhainniú fiontair

Dátaí Teagaisc:
Seimeastar 1 (20/09/2021 - 27/11/2021); *Seimeastar 2* (10/01/2022 - 02/04/2022)

Seoltar fiosrúcháin nó léiriú spéise agus CV chuig: ciaran.macanbhaird@dcu.ie faoin 20 Lúnasa, 2021.